UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

BEARTAS MAIDIR LE HOBAIR SHAINCHOMHAIRLE PHRÍOBHÁIDEACH AGUS LE HOBAIR THRÁCHTÁLA SHEACHTRACH

Arna cheadú ag an Údarás Ceannais an 22 Meán Fómhair 2009

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúl de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a eiroidh.

BEARTAS MAIDIR LE HOBAIR SHAINCHOMHAIRLE PHRÍOBHÁIDEACH AGUS LE HOBAIR THRÁCHTÁLA SHEACHTRACH

1. RÉAMHRÁ

1.1 Ceadaíonn Ollscoil Luimnigh do chomhaltaí den fhoireann acadúil gabháil do shainchomhairle sheachtrach phríobháideach agus do stiúrthóireachtaí seachtracha príobháideacha chun a n-inniúlacht ghairmiúil a leathnú agus a choimeád, chun go mbeidh siad cothrom le forbairtí agus le nuáil i ngnó agus sna gairmeacha, agus chun tacú le geilleagar na hÉireann agus chun clú na hOllscoile a mhéadú trína n-eolas eolaíochta agus acadúil a roinnt le lucht gnó agus leis na gairmeacha.

1.2 Tá sé tábhachtach, áfach, ar mhaithe le trédhearcacht agus le cuntasacht, go mbeadh eolas ag an Ollscoil faoi na leasanna tráchtála agus gairmiúla atá ag an bhfoireann acadúil, amhail sainchomhairle sheachtrach phríobháideach, stiúrthóireachtaí agus gníomhaíochtaí seachtracha eile, lena chinntiú nach mbeidh na gníomhaíochtaí sin ag teacht salach ar leasanna na hollscoile[1].

1.3 Nuair a cheaptar ball foirne acadúil tuigtear nach mór dó nó di cead a fháil ón Uachtarán nó ó ainmní de chuid an Uachtaráin chun gabháil d'obair sheachtrach ar íocaíocht. Beidh feidhm ag an mbeartas sin maidir le gníomhaíochtaí a n-íoctar luach saothair de réir rátaí tráchtála ina leith agus níl feidhm aige maidir le gníomhaíochtaí sonracha dá leithéid seo: gníomhaíochtaí a bhaineann le scrúdúchán seachtrach, dualgais maidir le luacháil/creidiúnú seachtrach nó léachtaí seachtracha a thabhairt. Má bhíonn amhras ar chomhaltaí Dáimhe, moltar dóibh dul i gcomhairle lena gCeann Roinne nó leis an Déan.

2. SAINCHOMHAIRLE SHEACHTRACH PHRÍOBHÁIDEACH AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEACHTRACHA EILE

2.1 Déantar idirdhealú idir obair shainchomhairle a dhéanann comhalta foirne i gcáil phríobháideach de réir an bheartais thuas, agus sainchomhairle a dhéanann comhalta foirne thar ceann na hOllscoile, a bhfuil an beartas ina leith faoi rialú ag téarmaí Bheartais OL faoi Mhaoin Intleachtúil, agus Taighde agus Sainchomhairle Tríú Páirtí (Urraithe).

---

[1] Cuimsíonn sainchomhairle agus stiúrthóireacht: comhpháirtíochtaí, iontaobhaíochtaí, cúraimí trádála, poist luacha saothair eile, comhaltas de choistí seachtracha, cleachtas gairmiúil príobháideach

2.2 Coinníollacha

2.2.1 Is féidir gabháil do ghníomhaíochtaí sainchomhairle seachtracha agus gníomhaíochtaí eile ar luach saothair ar choinníoll:

- Go bhfuil baint ag na gníomhaíochtaí le spéiseanna acadúla agus gairmiúla na foirne;
- Nach gcaitear níos mó ná 20% d'am oibre nó níos mó ná lá amháin sa tseachtain ar ghníomhaíochtaí seachtracha;
- Nach gcuireann gníomhaíochtaí seachtracha isteach ar chomhlíonadh gnáthdhualgas acadúil agus go mbíonn siad molta ag Ceann na Roinne agus ceadaithe ag an Déan;
- Nach n-eascraíonn aon choinbhleacht leasa don chomhalta foirne aonair ná don Ollscoil as gníomhaíochtaí seachtracha[2];
- Nach mbíonn aon dliteanas ionadach ar an ollscoil.

2.2.2 Nuair a ghabhann comhalta foirne obair shainchomhairle phríobháideach de láimh, níl sé/sí cumhdaithe faoi bheartas árachas slánaíochta gairmiúil na hOllscoile agus is cóir dó/di a bheith faoi árachas dá chuid féin/dá cuid féin.

2.3 Fógra

2.3.1 Geallann comhaltaí den fhoireann acadúil mionsonraí a sholáthar ar an bhfoirm tuairisceáin bhliantúil i dtaobh sainchomhairle príobháideach agus stiúrthóireachtaí príobháideacha a gabhadh de láimh sa bhliain acadúil roimhe sin agus beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

- Gur chuir an comhalta foirne in iúl go soiléir don chliant go bhfuil sé/sí ag feidhmiú mar dhuine indibhidiúil príobháideach agus ní mar ghníomhaire nó mar fhostaí de chuid na hOllscoile;
- Go n-úsáidtear seoladh príobháideach an chomhalta foirne i ngach comhfhreagras. Toirmisctear cinn litreach nó stáiseanóireacht chlóite eile de chuid na hOllscoile a úsáid;
- I gcás go n-úsáidtear saoráidí de chuid na hOllscoile, ní mór an luach iomlán a íoc leis an Ollscoil ar bhonn a chomhaontófar leis an gCeann Roinne cuí, an Déan agus an Stiúrthóir Airgeadais;
- Nach mbeidh an Ollscoill faoi aon fhreagracht as an obair agus go mbeidh sin curtha in iúl go soiléir don chliant ag an gcomhalta foirne. Is cóir do chomhaltaí foirne árachas slánaíochta gairmiúil pearsanta a thógáil amach chun a ndliteanais aonair a chumhdach;

---

[2] Mura mbítear ar aon tuairim i ndáil leis seo, ansin ní mór an ní a réiteach trí Nós Imeachta Gearáin na hOllscoile.

- Go bhfuil an comhalta foirne freagrach as a dhearbhuithe féin/a dearbhuithe féin a dhéanamh i leith ioncaim ó shainchomhairle phríobháideach le haghaidh cánach ar bhonn féinfhostaithe.

2.3.2 Is cóir do chomhaltaí foirne suntas a thabhairt dó nach gceadaítear gníomhaíochtaí príobháideacha trádála ná sainchomhairle a sheoladh ó aon áitreabh de chuid na hOllscoile gan cead sainráiteach a bheith tugtha ag an Déan nó ag an Stiúrthóir Airgeadais[3].

2.4 Tuairisceán Bliantúil

2.4.1 Ceanglaítear ar bhaill den Fhoireann Acadúil tuairisceán bliantúil ina mbeidh liosta de mhionsonraí sainchomhairle agus stiúrthóireachta don bhliain acadúil roimhe sin maille le mionsonraí sainchomhairle agus stiúrthóireachtaí atá beartaithe don bhliain dar gcionn (Féach foscríbhinn 1) a chomhlánú don Cheann Roinne /an Déan/ an Leas-Uachtarán mar is cuí. Bíonn an tuairisceán sin faoi rún diongbháilte. Ceanglaítear ar an Cheann Roinne/ an Déan/ an Leas-Uachtarán, de réir mar is cuí, gníomhaíocht shainchomhairle a chur in iúl don Oifig Taighde gan mhoill.

2.4.2 Is sárú ar na téarmaí agus na coinníollacha atá san alt seo gan an tuairisceán bliantúil a chur isteach (go fiú i gcásanna nár gabhadh aon sainchomhairle de láimh).

3. LEAS A NOCHTADH

3.1 Aon chomhalta foirne atá ag iarraidh cead chun bheith rannpháirteach in úinéireacht nó in urlámh cuideachta phríobháideach ní mór dó nó di méid a rannpháirteachais **agus** cineál agus méid aon idirbheart idir an Ollscoil agus an chuideachta a nochtadh don Cheann Roinne / Déan/ Leas-Uachtarán, de réir mar is cuí.

4. STIÚRTHÓIREACHT

4.1 Comhlachtaí Earnála Poiblí

4.1.1 Maidir le Stiúrthóireachtaí ar Chuideachtaí Earnála Poiblí, is féidir le haon duine amháin ar bith táillí Stiúrthóra a ghlacadh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- nach cuid de ghnáthdhualgais an chomhalta foirne ná leathnú ar na dualgais atá i gceist;

[3] D'fhéadfaí Reacht Uimh. 4 d'Ollscoil Luimnigh: Cúrsaí Araíonachta Fostaithe & Foirceannadh Fostaíochta a agairt mar gheall ar shárú ar théarmaí agus coinníollacha an bheartais seo.

- i gcás Stiúrthóireachtaí iolracha nach gceadófaí íocaíocht i leith breis is dhá cheapachán.

4.1.2 Cuimsíonn an sainmhíniú ar chomhlachtaí Earnála Poiblí aon chomhlacht poiblí uathrialach ag a bhfuil Bord a cheapann an Rialtas chun na feidhmeanna a shannann an Rialtas dó a chomhall.

4.2 Cuideachtaí Eile

4.2.1 Meastar gur obair sheachtrach Stiúrthóireachtaí ar chuideachtaí nach cuideachtaí na hearnála poiblí iad, lena n-áirítear Cuideachtaí Poiblí agus Cuideachtaí Príobháideacha, agus na critéir a bhfuil feidhm acu maidir le hobair sheachtrach, tá feidhm acu maidir leo sin freisin.

4.3 Cuideachtaí Campais

4.3.1 Comhaltaí foirne atá páirteach i bhforbairt Cuideachta Campais is cóir dóibh na 'Nósanna Imeachta maidir le Cuideachtaí Campais a Bhunú agus a Údarú' a cheadú.

5. Doiciméid Ghaolmhara

1. Coinbhleachtaí Leasa, Prótacail agus Nósanna Imeachta a bhaineann le Gníomhaíochtaí Taighde in Ollscoil Luimnigh (á fhorbairt).

2. Beartas maidir le Maoin Intleachtúil.
http://www2.ul.ie/web/WWW/Administration/Vice_President_Administration_%26_Secretary/Acting_Secretary/Policies_%26_Procedures

3. Nósanna Imeachta maidir le Cuideachtaí Campais a Bhunú agus a Údarú.
http://www2.ul.ie/web/WWW/Services/Research/Technology_Transfer_Office/Information_for_UL_Researchers/Campus_Company

4. Beartas maidir le Taighde agus Sainchomhairle Tríú Páirtí (Urraithe) (á fhorbairt)

5. Reacht Uimh. 4 de chuid Ollscoil Luimnigh: Cúrsaí Araíonachta Fostaithe & Foirceannadh Fostaíochta
http://www2.ul.ie/web/WWW/Administration/Vice_President_Administration_%26_Secretary/Acting_Secretary/Statutes_%26_Regulations

6. Nós Imeachta Gearáin Ollscoil Luimnigh
http://www2.ul.ie/web/WWW/Administration/Vice_President_Administration_%26_Secretary/Acting_Secretary/Policies_%26_Procedures

Foscríbhinn 1

Sainchomhairle agus stiúrthóireachtaí nach de chuid Ollscoil Luimnigh iad

Foirm Tuairisceáin Bhliantúil
Fógra i dtaobh Sainchomhairle agus Stiúrthóireachtaí (áirítear: comhpháirtíochtaí, iontaobhaíochtaí, cúraimí trádála, poist luacha saothair eile, comhaltas de choistí seachtracha, cleachtas gairmiúil príobháideach) nach de chuid OL iad. Cuir fógra ar aghaidh chuig an gCeann Roinne, an Déan, an Leas-Uachtarán de réir mar is cuí.

Uimh. Foirne	
Ainm	
Roinn	
Grád	

Ar ghabh tú d'obair shainchomhairle nó ar shealbhaigh tú stiúrthóireachtaí sa bhliain acadúil roimhe seo?

Ghabh/ Shealbhaigh ☐ Níor ghabh/ níor shealbhaigh ☐

I gcás Ghabh/ Shealbhaigh tabhair don Cheann Roinne sa Tábla thíos mionsonraí faoi shainchomhairle sheachtrach (áirítear: comhpháirtíochtaí, iontaobhaíochtaí, cúraimí trádála, poist luacha saothair eile, comhaltas de choistí seachtracha, cleachtas gairmiúil príobháideach) a gabhadh de láimh sa bhliain acadúil roimhe, maille le cinn atá le gabháil de láimh sa bhliain acadúil nua.

Fógra i dtaobh Sainchomhairle / Stiúrthóireachta don bhliain acadúil roimhe

Mionsonra	An mbeartaíonn tú leanúint den ghníomhaíocht an bhliain acadúil seo chugainn

Fógra i dtaobh Sainchomhairle / Stiúrthóireachta don bhliain acadúil nua

Ní heol dom aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith i gceist idir mo cheapachán Acadúil le OL agus mo ghníomhaíochtaí tráchtála nó gairmiúla seachtracha agus dearbhaím nach mbeidh aon sainchomhairle sheachtrach (áirítear: comhpháirtíochtaí, iontaobhaíochtaí, socruithe trádála, poist luacha saothair eile, comhaltas de choistí seachtracha, cleachtas gairmiúil príobháideach) a bheartaím a ghabháil de láimh sa bhliain Acadúil romhainn ag teacht salach ar mo dhualgais acadúla.

Síniú:_____ Dáta: _____

(Comhalta den fhoireann acadúil)

Síniú:_____ Dáta: _____

(Ceann Roinne/ Déan/Leas-Uachtarán mar is cuí)